

Botúin Choitianta

Bí cinnte go léann tú **na treoiríníte do thras-scríobhaithe** go cúramach sula dtosaíonn tú ar thras-scríobh, le do thoil. Chomh maith leis sin, bí cinnte go mbaineann tú úsáid as **cluasáin maithe** agus tú ag tras-scríobh. Laghdaíonn siad an torann comhthimpeallach agus bíonn tú ábalta an comhad fuaimne a chloisteáil níos fearr.

Seo liosta botúin a dhéantar go minic de bharr easpa aird ar **na na treoiríníte**.

Giotáí ró-fhada

Déan sraith de **ghiotáí beaga fuaimne (4-8 soic.)** in Transcriber, sula thosaíonn tú ag clóscríobh. Tá aon ghiota fuaimne atá níos faide ná 8 soic. ró-fhada.

Beidh níos lú deighleoga forluiteacha (overlapping segments) le bainistiú agat agus go ginearálta feabhsóidh sé cruinneas na tras-scríbhíne mar bíonn sé níos éasca athbhreithniú a dhéanamh ar ghiotáí atá níos giorra.

Léiriú giotáí dothuigthe

Má tá aon ghiota dothuigthe, is féidir leat an comhartha **xxx** a úsáid.

Is iad na giotáí dothuigthe is coitianta ná na fillers (m.sh. **eh, em, uh**, .i. nuair atá cainteoir ag lorg focal nó ag smaoineamh) nó siollaí athráite i dtús focail.

Poncaíocht agus Ceannlitir

Ná bain ró-úsáid as poncaíocht, m.sh. scríobh **go dtabharfadh muid seasca seachtó duine eadrainne** seachas **go dtabharfadh muid seasca, seachtó duine eadrainne**.

Ná húsáid **..**, in ionad **...**, agus ná húsáid **...** chun sos nó moill taobh istigh d'fhocal a léiriú, m.sh. ná scríobh **ag...us** seachas **agus**.

Ná bain ró-úsáid as ceannlitriú, m.sh. scríobh **ó ní ... lá mór** seachas **ó ní ... Lá mór**.

Cruinneas agus Litriú

Bí cinnte go mbaineann tú úsáid as *gnáth litriú caighdeánach* (i.e. *O'Dónaill* nó *WinGléacht*) nó na *heisceachtaí atá sonraithe sna liostaí ar an leathanach idirlín:*

(<http://www.tcd.ie/sllscs/research/projects/current/liostai.php#fc>).

Ná cum aon litriú eile le do thoil, m.sh. scríobh

- **acub** seachas **acab**, **leothub** seachas **leothab**
- **Nollaig** seachas **Nollaic**
- **théis** seachas **th'éis** nó **héis**
- **fhéin** seachas **héin**
- **sibh** seachas **sib**
- **a dhéananns** seachas **a dhéanann's**
- **éicint** seachas **eicint**
- **cuimhním** seachas **cuimhniom**
- **uilig** seachas **uiliug**
- **cáid** seachas **caid**
- **&rl.**

Ná húsáid aon **giorrúcháin** nach bhfuil sa liosta seo:

<http://www.tcd.ie/sllscs/research/projects/current/liostai.php#gearr> m.sh. scríobh

- **ag** seachas **'g**
- **agam** seachas **a'am**
- **anois** seachas **'nois**
- **tá a fhios** seachas **tá's &rl. &rl.**

Ná húsáid “fillers” nach bhfuil liostaithe sna treoirlínte, m.sh. ná scríobh **nn**, **hmmm**, **hah**. Má shíleann tú gur cheart “filler” nua a chur leis an liosta, cur in iúl dúinn é, le do thoil, sula núsáideanna tú i do chuid oibre iad.

Ná bain ró-úsáid as an uaschamóg, go háirithe i gcás nach bhfuil aon giorrúchán ann, m.sh. ná scríobh **caithfidh mé 'rá**, **'bheith ag obair**, **lena h'anam**.

Ach bain úsáid as an uaschamóg nuair atá sí riachtanach de réir na dtreoirlínte, m.sh. scríobh 'sea seachas sea.

Bí rialta i do chuid thras-scríobh: má chloiseann tú an rud céanna faoi dhó, scríobh mar an gcéanna é, m.sh. ná scríobh **caithfidh mé rá** in abairt amháin agus **caithfidh mé a rá** in abairt eile.

Coinbhinsiúin tras-scríofa

Is gá spás bán a chur roimh nótaí tráchta mar @=**gáire**, m.sh. scríobh

- **'Sea! @=**gáire** seachas 'Sea!@=**gáire****

Úsáid an chomhréir chruinn do na coinbhinsiúin, m.sh. @=**gáire** seachas @**gáire**.

Mura bhfuil tú sách-chinnteach go bhfuil giota éigin cruinn, is é an coinbhinsiúin atá in úsáid againn ná an focal nó na focail neamh-chinnteach a chur idir lúibíní uilleacha agus an comhartha ceiste [?] a chur ina dhiaidh sin, m.sh. <**focail éigin**> [?]. *Ná húsáid aon chomhartha eile chun neamhchinnteach a léiriú*, m.sh. scríobh

- <**s**> [?] seachas (**s**) nó **s** (?)
- **cén chaoi a mbreathnaíonn sé** <**n**> [?] seachas **cén chaoi a mbreathnaíonn sé** [**n**]

Focail ar lár

Má fhágann cainteoir focal éigin ar lár (a bhíonn ann de ghnáth), fág an focal céanna as an tras-scríobh féin. Ná scríobh an focal nó na focail nach ndeirtear, agus ná bain úsáid as uaschamóga chun an t-easnamh a léiriú, m.sh. scríobh

- **a bhíonn gcónaí** seachas **a bíonn i gcónaí**

Tús bréagach (false starts) agus féin-cheartú

Cuir “false starts” agus focail atá féin-cheartaithe ag na cainteoirí idir lúibíní *cearnacha*. Ná bain úsáid as aon chomhartha eile chun é sin a léiriú, m.sh. ná húsáid -, --, ... nó camóga, m.sh. scríobh

- **a bheadh [faoi] amuigh** seachas **a bheadh faoi - amuigh**
- **nuair a bheadh [na] na print-outs á dhéanamh** seachas **nuair a bheadh na, na print-outs á dhéanamh**

Teidil scannán, amhrán, leabhar &rl.

Ná déan dearmad go scríobhtar teideal scannán, amhrán, leabhar &rl. le *fostríoc* (underscore) nuair atá dhá nó níos mó focail ann, m.sh. scríobh **Home_And_Away** seachas **Home 'n Away** &rl.